AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.12.2025
COM(2025) 755 final

2025/0388 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hÚcráine a mhéid a bhaineann leis an bhFochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a bhunú faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin den pháirt eile, agus maidir le bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus an Úcráin a fhormhuiniú

2025/0388 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hÚcráine a mhéid a bhaineann leis an bhFochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a bhunú faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin den pháirt eile, agus maidir le bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus an Úcráin a fhormhuiniú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile[1] (‘an Comhaontú’), tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2017.

(2) Aithnítear sa Bhrollach a ghabhann leis an gComhaontú gealltanas na bPáirtithe athchóirithe agus próisis chomhfhogasaithe a thabhairt chun cinn san Úcráin, bunaithe ar luachanna coiteanna, lena n-áirítear, mar atá, urraim don dea-rialachas.

(3) Tagraítear in Airteagal 4 den Chomhaontú don sprioc maidir le hidirphlé polaitiúil, is é sin an urraim don dea-rialachas a threisiú, rud atá ríthábhachtach chun an caidreamh idir na Páirtithe a fheabhsú.

(4) In Airteagal 6 den Chomhaontú maidir le hidirphlé agus comhar i ndáil leis an athchóiriú intíre, iarrtar ar Pháirtithe an Chomhaontaithe oibriú i gcomhar le chéile chun a áirithiú go mbeidh a mbeartais inmheánacha bunaithe ar phrionsabail choiteanna, go háirithe cobhsaíocht agus éifeachtacht institiúidí daonlathacha.

(5) Dírítear in Airteagal 346 den Chomhaontú ar an gcomhar a fheabhsú i réimse bhainistíocht an airgeadais phoiblí lena n-áirithítear go bhforbrófar beartas buiséid agus córais iontaofa don smacht poiblí inmheánach agus don iniúchadh seachtrach, arna ailíniú le bunphrionsabail na cuntasachta, na trédhearcachta, na heacnamaíochta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta.

(6) Le hAirteagal 446 den Chomhaontú, leagtar amach an sprioc chun an chomhthuiscint agus an comhar déthaobhach a chur chun cinn i réimse an bheartais réigiúnaigh, maidir le modhanna foirmlithe agus cur chun feidhme beartas réigiúnach, lena

[1] IO L 161, 29.5.2014, lgh. 3–2137

n-áirítear rialachas agus comhpháirtíocht il-leibhéil, le béim ar leith ar cheantair faoi mhíbhuntáiste a fhorbairt agus ar chomhar críochach, agus leis sin bealaí cumarsáide a bhunú agus malartú faisnéise a fheabhsú idir na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, gníomhairí socheacnamaíocha agus an tsochaí shibhialta.

(7) Le hAirteagal 450 den Chomhaontú, ceadaítear don Úcráin páirt a ghlacadh i ngníomhaireachtaí an Aontais atá ábhartha do chur chun feidhme an Chomhaontaithe, inar comhlacht comhairliúcháin de chuid an Aontais é Coiste Eorpach na Réigiún.

(8) Le hAirteagail 463 (1) den Chomhaontú, cumhachtaítear an Chomhairle Comhlachais chun cinntí a ghlacadh, chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.

(9) Le hAirteagal 466 (2) den Chomhaontú, déantar foráil gur féidir leis an gComhairle Comhlachais aon choiste nó comhlacht speisialta a bhunú i réimsí ar leith is gá do chur chun feidhme an Chomhaontaithe.

(10) Déanfaidh an Chomhairle Comhlachais cinneadh maidir leis an bhFochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a bhunú agus maidir le bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus an Úcráin a fhormhuiniú.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, go dtacófar le cruthú an Fhochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí agus go ndéanfar bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus an Úcráin a fhormhuiniú, agus beidh sé bunaithe ar an dréachtghníomh ó Chomhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hÚcráine atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán